



TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

AN

BHINSE CÚITIMH I nDÁIL LE
HEIPITÍTEAS C & VÍREAS EASPA
IMDHÍONACHTA DAONNA
(VEID)

2023

Réamhrá

Tá an-áthas orm an Séú Tuarascáil Bhliantúil is Fiche maidir le gníomhaíochtaí an Bhinse Cúitimh i ndáil le Heipitéas C agus VEID le haghaidh 2023 a chur i láthair.


Bunaíodh an Binse i mí na Nollag 1995 chun cúiteamh a thabhairt, i measc nithe eile, do dhaoine atá ionfhabhtaithe le Heipitéas C mar thoradh ar ghlóbailin imdhíonachta frith-D a úsáid, nó fuilaisriúcháin nó táirgí fola éillithe a fháil laistigh den Stát. Cuireadh tús leis an Acht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitéas C, 1997, ar an 1 Samhain 1997. I mí Dheireadh Fómhair 2002, leathnaíodh obair an Bhinse mar gheall ar thabhairt isteach an Achta um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitéas C (Leasú), 2002, rud a chuir ar chumas an Bhinse cúiteamh a thabhairt do dhaoine áirithe a tholg VEID laistigh den Stát ó tháirgí fola áirithe agus chun socrú a dhéanamh i dtaobh nithe gaolmhara. Cuireadh le cumhachtaí an Bhinse tuilleadh in 2006 faoin Acht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitéas C (Leasú) 2006. Éistean an Binse le héisteachtaí ar bhonn leanúnach ó Mhárta 1996.

Cuireadh 36 éileamh nua isteach in 2023, agus mar sin 5,048 éileamh san iomlán a bhí cláraithe ar an 31 Nollaig 2023. D'íoc an Binse dámhachtainí i 40 cás in 2023. Ina theannta sin, bhí 218 iarratas ag fanacht le héisteacht agus / nó cinneadh ag deireadh 2023.

Tá an Binse fós i dteagmháil go gníomhach le héilitheoirí agus lena gcomhairleoirí in iarracht iad a spreagadh chun a n-éilimh a thabhairt ar aghaidh lena n-éisteacht os comhair an Bhinse. Tá na hiarrachtaí seo ag cur cearta na n-éilitheoirí chun cinn toisc go bhfuil an Binse ag iarraidh an cúiteamh a bhfuil siad ina dteideal a íoc le héilitheoirí nuair a iarrtar air sin a dhéanamh. Leanann an Binse air ag tabhairt dáta éisteachta a luaithe agus is féidir le haghaidh éileamh a bhfuil na doiciméid tacaíochta iomlána acu. Ag deireadh 2023, shainaithin an Binse, tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar na cásanna eile go léir a bhí fanta aige, roinnt tionscnamh a chuirfidh sé i bhfeidhm chun iarratais a thabhairt chun éisteachta nuair is indéanta agus nuair is cuí.

Rinne an Binse iarratas chuig an Aire Sláinte chun éisteachtaí cianda a reáchtáil le linn Phaindéim Covid 19. Ceadaíodh an t-iarratas sin agus lean an Binse i mbun feidhme in 2023 agus reáchtáil sé éisteachtaí cianda le hiarratasóirí atá lonnaithe in Éirinn agus le hiarratasóirí atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe, i gCeanada, sa Ríocht Aontaithe, san Astráil agus in áiteanna eile.

In 2023, d'fhill Rúnaí an Bhinse, Sheena Lally, ar an bpost a bhí aici roimhe sin in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit agus tháinig an tUasal Paul Heffernan ina háit. Rinne Sheena Lally a ról le dúthracht, buanseasmhacht agus freagracht do pháirtithe leasmhara uile an Bhinse agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil léi as a seirbhís luachmhar agus fáilte a chur roimh an Uasal Heffernan. Ba mhaith liom an deis seo a thapú freisin chun buíochas a ghabháil le comhaltaí uile an Bhinse agus lena fhoireann Riaracháin as a ndúthracht agus a dtiomantas don Bhinse agus táim ag tnúth le bheith ag obair leo.



Karen O'Driscoll S.C.
Cathaoirleach

Comhaltas an Bhinse

Sonraí comhaltais agus ceapacháin an Bhinse ar 31 Nollaig 2023:

Comhalta	Céad Cheapachán	Athcheaptha	Dáta Éaga	Cineál Poist	Bunús an Cheapacháin
Karen O'Driscoll SC	10/03/2012	10/03/2024	09/03/2024	Cathaoirleach	Ainmnithe agus ceaptha ag an Aire Sláinte
Stephen Boggs BL	01/08/2012	28/10/2022	27/10/2024	Gnáthchomhalta	Ainmnithe agus ceaptha ag an Aire Sláinte
Emma Cassidy BL	04/03/2021	Céad cheapachán	03/03/2024	Gnáthchomhalta	Ainmnithe agus ceaptha ag an Aire Sláinte
Adrienne Cawley BL	01/08/2012	28/10/2022	27/10/2024	Gnáthchomhalta	Ainmnithe agus ceaptha ag an Aire Sláinte
Claire Cummins BL	04/03/2021	Céad cheapachán	03/03/2024	Gnáthchomhalta	Ainmnithe agus ceaptha ag an Aire Sláinte
John Healy SC	01/08/2012	28/10/2022	27/10/2024	Gnáthchomhalta	Ainmnithe agus ceaptha ag an Aire Sláinte
Michael MacNamee BL	22/10/2014	22/10/2020	21/10/2024	Gnáthchomhalta	Ainmnithe agus ceaptha ag an Aire Sláinte
Joseph O'Sullivan BL	01/08/2012	28/10/2022	27/10/2024	Gnáthchomhalta	Ainmnithe agus ceaptha ag an Aire Sláinte
An tAturnae Romaine Scally	22/10/2014	22/10/2020	21/10/2024	Gnáthchomhalta	Ainmnithe agus ceaptha

					ag an Aire Sláinte
--	--	--	--	--	-----------------------

Teidlíocht chun Éileamh a Dhéanamh

Leagtar amach catagóirí na ndaoine atá i dteideal iarratas a dhéanamh ar chúiteamh in Alt 4 (1) den Acht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitéas C, 1997 arna leasú agus in I.R. Uimh. 432 de 1998 (aicmí Éilitheoirí os comhair an Bhinse a Leathnú), 1998 agus leagtar amach an dualgas cruthúnais ar Éilitheoir in Alt 4 (8) den Acht arna leasú. Is féidir an tAcht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitéas C, 1997, an tAcht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitéas C (Leasú), 2002 agus 2006, agus Ionstraimí Reachtúla gaolmhara a fheiceáil ar shuíomh gréasáin an Bhinse: www.hepccomtrib.com

Tá na catagóirí daoine seo a leanas i dteideal éileamh a dhéanamh go ginearálta. Is chun críocha ginearálta amháin atá an t-eolas seo agus ba chóir d'aon duine a mheasann go bhfuil éileamh acu comhairle dlí a lorg:

- A. Duine a diagnósíodh go raibh Heipitéas C orthu mar thoradh ar úsáid glóbailin imdhíonachta frith-D laistigh den Stát
- B. Duine a diagnósíodh go raibh Heipitéas C orthu mar thoradh ar fhuilistriú nó táirge fola a fháil laistigh den Stát
- C. Leanaí nó aon chéile, de chuid duine dá dtagraítear in (A) nó duine dá dtagraítear in (B), ar diagnósíodh go raibh Heipitéas C orthu féin
- D. Aon duine atá freagrach as cúram a thabhairt do dhuine dá dtagraítear in (A), (B) nó (C), agus a thabhaigh nó a thabhóidh caillteanas nó caiteachais airgeadais mar thoradh díreach ar an duine a dtugann siad aire dóibh Heipitéas C a bheith tolgtha acu
- E. I gcás duine dá dtagraítear in (A), (B) nó (C) a bheith tar éis bháis de dheasca Heipitéas C a bheith tolgtha acu nó i gcás go raibh tionchar suntasach ag Heipitéas C ar chúis an bháis, aon chleithiúnaí de chuid an duine sin
- F. Duine a diagnósíodh go raibh VEID orthu mar thoradh ar tháirge ábhartha a fháil laistigh den Stát
- G. Leanaí nó aon chéile duine dá dtagraítear in (F) ar diagnósíodh VEID orthu féin
- H. Aon duine atá pósta le duine dá dtagraítear in (A), (B) nó (F), nó a bhí ina c(h)ónaí le duine dá dtagraítear in (A), (B) nó (F) ar feadh tréimhse leanúnach níos faide ná trí bliana, i leith cuibhreannas an duine a chailleadh, lena n-áirítear lagú ar chaidreamh gnéasach leis an duine, a tháinig as an riosca go dtarchuirfeadh Heipitéas C nó VEID
- I. Aon duine atá freagrach as cúram a thabhairt do dhuine dá dtagraítear in (F) nó (G), agus a thabhaigh nó a thabhóidh caillteanas nó caiteachais airgeadais mar thoradh díreach ar an duine a dtugann siad aire dóibh VEID a bheith tolgtha acu
- J. I gcás duine dá dtagraítear in (F) nó (G) a bheith tar éis bháis de dheasca VEID a bheith tolgtha acu nó i gcás go raibh tionchar suntasach ag VEID ar chúis an bháis, aon chleithiúnaí de chuid an duine sin

Ba mhaith leis an mBinse go mbeadh a fhios ag gach duine a d'fhéadfadh a bheith i dteideal iarratas a dhéanamh ar chúiteamh go bhfuil sé ann agus go mbeadh a fhios acu conas iarratas a dhéanamh.

Is féidir foirmeacha iarratais a íoslódáil ó www.hepccomtrib.com agus is féidir eolas ginearálta lena n-áirítear léarscáil suímh agus ceistanna coitianta a fháil freisin.

**MOLTAR D'ÉILITHEOIRÍ
IONCHASACHA NA
TEORAINNEACHA AMA
ÁBHARTHA A THABHAIRT FAOI
DEARA
A LEAGTAR AMACH IN ALT 4 (14) DEN
AGHT ARNA LEAGÚ**

Oibríocht an Bhinse

D'oibrigh an Binse mar Scéim chúitimh neamhrechtúil ó dháta a bhunaithe an 16 Nollaig 1995 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 1997. Ar an 1 Samhain 1997 tháinig an tAcht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitéas C, 1997 i bhfeidhm. Ar an 9 Deireadh Fómhair 2002, tháinig an tAcht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitéas C (Leasú) 2002 i bhfeidhm. Tháinig ailt 1 agus 2 den Acht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitéas C (Leasú) 2006 i bhfeidhm ar an 20 Meitheamh 2006.

Pléann an Binse le héilimh trí éisteacht ó bhéal i suí iata. Is iondúil go réachtáiltear éisteachtaí os comhair triúr comhaltaí den Bhinse (ach ceadaíonn an reachtaíocht do bheirt chomhaltaí iarratas a éisteacht) nó, ó am go chéile, trí thairiscint socraíochta. (Féach Aguisín III le haghaidh socruithe socraíochta).

Reachtáiltear éisteachtaí in oifigí an Bhinse ag 31-35 Sráid Bowes, Baile Átha Cliath 7. Bhí suíonna ag an mBinse i gCorcaigh roimhe seo chun freastal ar iarratais ó Éilitheoirí i gceantar na Mumhan. Tá gnólacht luathscríbhneoirí fostaithe le haghaidh gach éisteacht sa Bhinse agus cuirtear tras-scríbhinní d'imeachtaí ar fáil do gach Éilitheoir trína nAturnae.

D'ainmnigh an tAire Sláinte an Binse, ón 13 Deireadh Fómhair 2020 de bhun Ailt 29 agus 31 den Acht um an Dlí Sibhialta agus an Dlí Coiriúil (Leasú), 2020, mar chomhlacht stáit a bhfuil teidíocht aige a chuid éisteachtaí a sheoladh go cianda agus thug an Binse saoráid isteach le haghaidh éisteachtaí den sórt sin chun cur ar a chumas leanúint air ag feidhmiú le linn Phaindeim Covid-19, agus tá an áis seo fós ar fáil d'Iarratasóirí ach í a iarraidh.

Tá éilitheoirí i dteideal ionadaíocht dhlíthiúil a bheith acu ag na héisteachtaí. I gcásanna áirithe, féadfaidh an Binse cinneadh a dhéanamh Abhcóide a cheapadh chun cabhrú leis.

Dámhachtainí

D'íoc an Binse €11,242,974 san iomlán i leith 40 dámhachtain in 2023. Ní raibh aon Achomhairc Ard-Chúirte ann in 2023 (féach Aguisín I). Is féidir na dámhachtainí seo a rangú mar:

Dámhachtainí Sealadacha Íochta 6

Dámhachtainí Cnapshuime Aonair Íochta 33

Dámhachtainí Eatramhacha Íochta 1

Rinne an Binse 43 dámhachtain in 2023. Ba é €12,289,549 an méid iomlán a dámhadh agus ba é €285,803 an meánmhéid.

Déantar íocaíochtaí eatramhacha de ghnáth i gcásanna nach bhfuil éilitheoir in ann an t-éileamh a chur i láthair ina iomláine e.g. nuair atá cóireáil á déanamh air le haghaidh Heipitéas C nó VEID agus nach bhfuil prognóis deiridh ar fáil láithreach. Déanann an Binse dámhachtainí eatramhacha ar iarratais a dhéantar chuige i gcúinsí eisceachtúla agus íocadh dámhachtain eatramhach amháin in 2023.

Sna dámhachtainí sealadacha a rinneadh go dtí seo, bhí an Binse den tuairim go raibh an fhéidearthacht ann, ach nach raibh ann ach féidearthacht, go mbeadh iarmhairt nó iarmhairtí tromchúiseacha ar leith ag heipitéas C nó VEID ar an Éilitheoir. Ina theannta sin, shonraigh an Binse an tréimhse ama inar féidir leis an Éilitheoir iarratas a dhéanamh ar chúiteamh breise i gcás iarmhairtí nó iarmhairtí den sórt sin a bheith ann.

Éilimh a cuireadh isteach níos mó ná seacht mbliana roimh 31/12/2023

Tá an Binse i dteagmháil go gníomhach le héilitheoirí agus lena gcomhairleoirí chun éilimh a thabhairt, go háirithe iad siúd a rinneadh os cionn seacht mbliana roimh dheireadh 2023, lena n-éisteacht a luaithe agus is réasúnach agus is indéanta.

Iarratais ar Chúiteamh Breise tar éis Dámhachtain Shealadach

San áireamh i líon iomlán na ndámhachtainí a rinneadh le linn 2023, éisteadh trí éileamh ar Chúiteamh Breise, rud a d'fhág gur bronnadh cúiteamh breise €893,185 ar na héilitheoirí.

Costais Dlí

In 2023, íocadh suim €2,562,540.05 i gcostais i leith 31 dámhachtain Binse agus aon Achomharc Ard-Chúirte amháin. (Féach Aguisín IV le haghaidh miondealú iomlán ar íocaíochtaí. Tabhair faoi deara nach gá go n-íocfaí costais dlí sa bhliain chéanna leis an dámhachtain lena mbaineann siad.)

An Ciste Cúitimh

Bunaíodh Ciste Cúitimh faoi Alt 11 (4) d'Acht 1997 trína mbeadh Éilitheoir a ghlac le dámhachtain ón mBinse nó le tairiscint socraíochta i dteideal iarratas a dhéanamh go n-íocfaí suim as an gCiste leo in ionad an Bhinse ag measúnú agus ag bronnadh tromdamáistí nó damáistí eiseamláireacha. Socraítear an méid ón gciste ag 20% den dámhachtain nó den tsocraíocht iomlán. Rinne an Rialtas socruithe ina dhiaidh sin chun ligean d'ionadaithe pearsanta dlíthiúla na n-éilitheoirí a fuair bás iarratas a dhéanamh ar íocaíocht an Chiste.

Ina theannta sin, aon duine a ndéanfaí dámhachtain damáistí ginearálta nó speisialta dó ar achomharc chun na hArd-Chúirte faoi Alt 5(15) nó Alt 6(3)(e) den Acht, íocann an Ciste méid áirithe leis in ionad measúnú a dhéanamh ar dhamáistí níos mó nó eiseamláireacha.

In 2023, d'íoc an Binse €2,353,595 as an gCiste i leith 39 dámhachtain Binse (dámhachtain eatramhach a bhí i ndámhachtain amháin a íocadh in 2023 agus ní íoctar cúiteamh go dtí go ndéantar an dámhachtain deiridh).

Éilimh Aistarraingthe/Neamhghníomhacha

Tarraingíodh siar 555 éileamh faoi dheireadh 2023. Faoi láthair, tá an Binse i mbun gach éileamh príomhúil a thugtar a thabhairt ar aghaidh lena n-éisteacht. Ina theannta sin, cuireadh thart ar 442 cás ar atráth faoi dheireadh 2023 agus tabharfar cead dóibh leanúint leis arís.

An Fhoireann

Le linn 2023, chuir foireann de bheirt an tacaíocht riaracháin ar fáil d'fheidhmiú an Bhinse.

FOSCRÍBHINNÍ

AGUISÍN I

Achoimre ar Dhámhachtainí, Achomhairc, Íocaíochtaí an Chiste Cúitimh agus costais dlí go dtí seo

Dámhachtainí an Bhinse

Bliain	Líon na nGradam	An tSuim a Íocadh
1996	204	€28,627,096
1997	327	€56,672,735
1998	535	€105,660,817
1999	214	€43,221,011
2000	126	€31,943,504
2001	71	€23,646,314
2002	62	€18,541,096
2003	108	€27,964,437
2004	243	€39,384,189
2005	287	€42,186,950
2006	290	€46,543,469
2007	193	€57,782,743
2008	143	€39,349,934
2009	158	€32,244,590
2010	117	€30,496,254
2011	114	€17,066,854
2012	79	€15,091,916
2013	77	€16,298,493
2014	75	€16,370,641
2015	59	€15,700,074
2016	28	€14,892,384
2017	62	€13,114,428
2018	52	€10,754,172
2019	28	€8,045,988
2020	38	€5,828,690
2021	42	€9,017,833
2022	38	€13,493,517
2023	40	€11,242,974
Iomlán	3810	€791,183,103

Achomhairc Ard-Chúirte

Bliain	An Líon Achomharc	An tSuim a Íocadh
2000	41	€6,053,486
2001	113	€24,835,283
2002	52	€17,762,094
2003	29	€7,372,875
2004	43	€7,954,150
2005	23	€2,260,174
2006	26	€5,249,856
2007	15	€3,242,913
2008	10	€4,670,878
2009	12	€1,638,493
2010	14	€1,670,025
2011	3	€195,001
2012	7	€1,385,476
2013	1	€40,000
2014	2	€150,000
2015	3	€220,000
2016	2	€135,000
2017	6	€1,506,500
2018	0	€0
2019	3	€1,070,642
2020	4	€1,765,480
2021	1	€455,000
2022	2	€1,435,000
2023	0	€0
Iomlán	412	€91,068,326

Íocaíochtaí an Chiste Cúitimh

Bliain	Líon na nÍocaíochtaí	Dámhachtain nó Achomhairc	An tSuim a Íocadh
1997	340	Dámhachtainí	" 11,971,841
1998	686	Dámhachtainí	" 25,249,850
1999	220	Dámhachtainí	" 8,928,869
2000	136	Dámhachtainí	" 6,692,662
2000	39	Achomhairc	" 1,124,269
2001	77	Dámhachtainí	" 4,889,774
2001	115	Achomhairc	" 5,053,485
2002	67	Dámhachtainí	" 3,800,910
2002	52	Achomhairc	" 3,552,419
2003	92	Dámhachtainí	" 4,789,220
2003	29	Achomhairc	" 1,474,575
2004	240	Dámhachtainí	" 7,723,198
2004	43	Achomhairc	" 1,590,830
2005	285	Dámhachtainí	" 8,355,730
2005	23	Achomhairc	" 452,035
2006	288	Dámhachtainí	" 9,296,865
2006	25	Achomhairc	" 1,028,715
2007	170	Dámhachtainí	" 11,146,133
2007	15	Achomhairc	" 648,583
2008	138	Dámhachtainí	" 7,597,215
2008	10	Achomhairc	" 934,176
2009	152	Dámhachtainí	" 6,234,917
2009	12	Achomhairc	" 327,699
2010	112	Dámhachtainí	" 5,964,670
2010	14	Achomhairc	" 321,405
2011	112	Dámhachtainí	" 3,388,004
2011	3	Achomhairc	" 39,000
2012	76	Dámhachtainí	" 3,127,929
2012	6	Achomhairc	" 263,295
2013	70	Dámhachtainí	" 2,985,965
2014	75	Dámhachtainí	" 2,965,048
2014	2	Achomhairc	" 30,000
2015	54	Dámhachtainí	" 2,988,111
2015	3	Achomhairc	" 44,000
2016	25	Dámhachtainí	" 3,040,174
2016	2	Achomhairc	" 27,000
2017	58	Dámhachtainí	" 2,711,089
2017	6	Achomhairc	" 289,000
2018	45	Dámhachtainí	" 2,068,654
2018	0	Achomhairc	" 0
2019	25	Dámhachtainí	" 1,540,214

2019	2	Achomhairc	" 164,128
2020	35	Dámhachtainí	" 1,128,738
2020	4	Achomhairc	" 453,096
2021	43	Dámhachtainí	" 2,449,647
2021	1	Achomhairc	" 91,000
2022	38	Dámhachtainí	" 2,993,879
2022	2	Achomhairc	" 300,000
2023	39	Dámhachtainí	" 2,353,595
2023	0	Achomhairc	" 0
Iomlán	4106		€174,591,611

Costais Dí

Bliain	Líon na nÉileamh	An tSuim a Íocadh
1996	93	€1,737,849
1997	275	€7,518,688
1998	512	€16,345,926
1999	315	€9,984,938
2000	180	€8,297,691
2001	183	€8,605,772
2002	77	€4,490,412
2003	131	€6,859,157
2004	197	€7,094,735
2005	307	€13,180,987
2006	344	€11,371,437
2007	187	€7,825,866
2008	129	€8,986,744
2009	155	€13,027,173
2010	148	€10,229,280
2011	149	€10,608,721
2012	96	€7,948,739
2013	65	€4,571,765
2014	78	€6,689,814
2015	40	€2,101,000
2016	30	€2,388,221
2017	48	€3,750,966
2018	48	€4,859,695
2019	45	€5,418,090
2020	37	€2,702,948
2021	18	€849,347
2022	47	€3,173,814
2023	32	€2,562,540
lomlán	3966	€193,182,315

AGUISÍN II

AN BINSE CÚITIMH I NDÁIL LE HEIPITÍTEAS C AGUS VEID

CUNTAS AR FHÁLTAIS AGUS ÍOCAÍOCHTAÍ DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2023

BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Bunús na gCuntas

Is taifead airgeadbhunaithe iad na cuntais ar na Fáltais agus ar na hÍocaíochtaí sa tréimhse.

Tréimhse ar tuairiscíodh uirthi

Is í an tréimhse ar ar tuairiscíodh an bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023.

Fáltais

Léiríonn fáltais na tréimhse an t-airgead sin a éilítear agus a fuarthas ón gCuntas Speisialta agus ón gCiste Cúitimh a bunaíodh faoi Ailt 10 agus 11 den Acht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C, 1997 agus arna leasú faoi Ailt 7 agus 8 den Acht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C (Leasú) 2002.

Íocaíochtaí

Is iad na hÍocaíochtaí na suimeanna sin a íocadh le linn na tréimhse.

Cuntas Fionraí na Roinne Sláinte

Déanann an Roinn Sláinte íocaíochtaí thar ceann an Bhinse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C agus VEID ar ordú ón mBinse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C agus VEID nó, maidir le costais dlí amháin, Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit. Déantar na hÍocaíochtaí seo ó chuntas fionraí, atá mar chuid de Chuntas Leithreasa na Roinne Sláinte agus atá faoi réir iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

AN BINSE CÚITIMH I nDÁIL LE HEIPITÍTEAS C AGUS VEID

Cuntais ar Fháiltais agus ar Íocaíochtaí don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2023				
	<u>2023</u>		<u>2022</u>	
	Líon	€	Líon	€
<u>Íocaíochtaí</u>				
Dámhachtainí an Bhinse				
Dámhachtainí Nua san Áireamh	40	11,242,974	38	13,493,517
Achomhairc Ard-Chúirte	0	0	2	1,435,000
Dámhachtainí Iomlána	40	11,242,974	40	14,928,517
Íocaíochtaí an Chiste Cúitimh				
Dámhachtainí Nua san Áireamh	39	2,353,595	38	2,993,879
Achomhairc Ard-Chúirte	0	0	2	300,000
Iomlán na nÍocaíochtaí Ciste Cúitimh	39	2,353,595	40	3,293,879
Costais dlí Dhámhachtainí an Bhinse				
<i>Dámhachtainí Nua san Áireamh</i>	32	2,562,540	42	2,269,707
<i>Achomhairc Ard-Chúirte</i>	0	0	5	904,108
Iomlán na gCostas Dlí	32	2,562,540	47	3,173,814
<u>Costais riaracháin</u>				
Pá		387,307		412,336
Neamhphá		110,170		71,270
Iomlán na nÍocaíochtaí		16,656,586		21,879,817
<u>Fáiltais</u>				
Faighte ón gCuntas Speisialta a bunaíodh faoi Alt 10 den Acht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C 1997		14,551,000		27,073,000
Faighte ón gCiste Cúitimh a bunaíodh faoi Alt 11 den Acht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C 1997		2,284,000		5,480,000
Fáiltais Iomlána		16,835,000		32,553,000
Barrachas / (Easnamh) don bhliain		178,415		10,673,183
Barrachas / (Easnamh) a tugadh ar aghaidh ón mbliain roimhe		(6,237,996)		(16,911,179)
Barrachas / (Easnamh) a tugadh ar aghaidh go dtí an bhliain dár gcionn		(6,059,582)		(6,237,996)
<u>Arna mhaoiniú ag</u>				

Cuntas Fionraí na Roinne Sláinte

Léiríonn an tsuim seo an méid atá le tarraingt as na cuntais ábhartha arna mbunú faoi Ailt 10 agus 11 den Acht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C, 1997 agus arna leasú faoi Ailt 7 agus 8 den Acht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C (Leasú), 2002.

AN BINSE CÚITIMH I NDÁIL LE HEIPITÍTEAS C AGUS VEID

An Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C agus VEID			
<u>Cuntais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023</u>			
<u>Nótaí a ghabhann leis na cuntais</u>		2023	2022
		€	€
<u>Pá</u>			
Nóta 1	Táillí a íocadh le Comhaltaí an Bhinse agus leis an gCathaoirleach	220,403	254,727
	Riarachán	166,904	157,609
	Pá Iomlán	387,307	412,336
<u>Neamhphá</u>			
Nóta 2	Diúscairt dramhaíola faoi rún	709	720
	Glantachán Conarthach	2,930	2,749
	Seirbhísí Cúiréara	5,304	3,633
	Táillí do Thuarascálacha Saineolaithe	0	0
	Teas, Cumhacht agus Solas	10,844	5,732
	TFC	6,815	3,755
	Cothabháil agus Daingneáin	881	2,691
	Earraí Ilghnéitheacha	2,916	500
	Soláthairtí Oifige	3,516	2,734
	Fóin	1,536	2,274
	Postas	486	1,025
	Priontáil	0	245
	Seomraí ar cíós	0	0
	Seirbhísí gearrscríbhneoireachta	41,250	33,274
	Taisteal agus Cothabháil	2,911	2,191
	Meaisín díola agus soláthairtí uisce	0	30
	Seirbhísí DLÍ	30,074	9,717
	Neamhphá Iomlán	110,170	71,270

AGUISÍN III

Comhaontaithe Réitigh arna ndéanamh ag an Aire Sláinte agus Leanaí faoi Alt 8 den Acht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitéas C 1997

Réamhrá

Foráilann na comhaontaithe réitigh do réitigh éileamh i leith damáistí ginearálta agus speisialta amháin. Beidh na comhaontaithe a neamhfhoirmiúla agus is féidir agus feidhmeoidh siad ar bhealach a chinntíonn go ndéanfar tairiscintí réitigh a luaithe agus is féidir.

Cáipéisíocht Tacaíochta

Sa chás go gcuireann éilitheoir in iúl don Bhinse gur mian leis socrú a dhéanamh, ceanglófar ar an éilitheoir achoimre iomlán a thabhairt don Bhinse ar na doiciméid ar a bhfuil an t-éileamh bunaithe, lena n-áirítear doiciméid iomlána mar thaca le héilimh ar dhamáistí ginearálta agus speisialta. Féadfaidh éilitheoir dámhachtain chnapshuim aonair nó dámhachtain shealadach a roghnú trí réiteach.

Cúisíocht

Déanfar an t-éileamh mar aon leis na doiciméid tacaíochta go léir a chur ar aghaidh chuig comhalta den Bhinse. Ceanglófar ar an éilitheoir a bheith ag teacht le sásamh chomhalta an Bhinse, go gcomhlíonann sé na critéir a leagtar amach in Alt 4 den Acht.

Sa chás nach bhfuil comhalta an Bhinse sásta go gcomhlíonann an t-éilitheoir na critéir a leagtar amach in Alt 4 den Acht, cuirfear an t-éileamh ar aghaidh chuig an mBinse chun cinneadh a dhéanamh maidir le cúisíocht agus, más mian leis an éilitheoir é, le haghaidh dámhachtana ón mBinse, más cuí. Sa chás inar mian leis an éilitheoir, féadfar éileamh a chur ar ais chuig an mBinse chun cinneadh a dhéanamh maidir le cúisíocht.

Sa chás go gcinnfidh an Binse nach bhfuil an t-éilitheoir i dteideal cúitimh faoin Acht, féadfaidh an t-éilitheoir achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh sin chun na hArd-Chúirte.

Tairiscint Réitigh

Beidh tairiscintí réitigh bunaithe ar na critéir chéanna a chuireann an Binse i bhfeidhm faoi alt 5 den Acht maidir le leibhéal na ndámhachtainí. Cuirfidh an Binse an t-éilitheoir ar an eolas i scríbhinn maidir leis an tairiscint socraíochta.

Glacadh le Tairiscint Réitigh

Iarrfar ar an éilitheoir glacadh leis an tsocraíocht nó diúltú di a chur in iúl i scríbhinn laistigh de 28 lá ón tairiscint.

Sa chás go nglacann an t-éilitheoir leis an tairiscint, síneoidh sé na tarscaoiltí riachtanacha maidir le haon cheart caingne a bheadh ag an éilitheoir murach sin.

Tabharfaidh an Binse dá aire gur glacadh leis an tairiscint agus socróidh sé go ndéanfaidh an Binse dámhachtain ar thoiliú mhéid na socraíochta.

I gcás éilitheora atá faoi aois, beidh glacadh dámhachtana faoi réir fhorpheas na hArd-Chúirte.

Diúltú do réiteach

Sa chás nach gcuireann an t-éilitheoir an Binse ar an eolas laistigh de 28 lá ó dháta na tairisceana, glactar leis gur dhiúltaigh an t-éilitheoir don tairiscint agus go bhfuil éisteacht Binse á lorg aige.

Sa chás go ndiúltaíonn éilitheoir do thairiscint, nó go meastar gur dhiúltaigh sé do thairiscint, déanfaidh an Binse an t-éileamh a chur ar aghaidh le haghaidh éisteachta mura dtugann an t-éilitheoir treoir dá mhalairt.

Sa chás go ndiúltaíonn éilitheoir do réiteach nó go meastar gur dhiúltaigh sé do réiteach, measfar go bhfuil na comhaontaithe réitigh faoi Alt 8 ídithe ag an éilitheoir.

An Ciste Cúitimh

Féadfaidh éilitheoir a ghlacann le tairiscint réitigh iarratas a dhéanamh chuig an mBinse go n-íocfar méid 20% den tairiscint réitigh as an gCiste Cúitimh a bunaíodh faoi Alt 11 den Acht. De rogha air sin, féadfaidh an t-éilitheoir iarratas a dhéanamh chun éileamh ar dhamáistí níos mó nó eiseamláireacha a chinneadh ag an mBinse faoi Alt 5.

Éileamh Ionadaíoch

Féadfaidh an Binse glacadh le héileamh atá ionadaíoch d'aicme nó do ghrúpa éilitheoirí, sa chás ina bhfuil na cúinsí is cúis lena n-éilimh cosúil lena chéile tríd is tríd. Beidh feidhm ag comhaontuithe comhchosúla leo siúd a leagtar amach thuas i gcásanna den sórt sin. Cosnaítear cearta gach éilitheoir aonair glacadh le réiteach nó diúltú dó agus cearta gach éilitheora faoi aon fhoráil eile den Acht.

Costais

Sa chás go ndéanann Binse dámhachtain bunaithe ar thairiscint réitigh, bronnfar costais ar an mbonn céanna agus bainfear úsáid as na nósanna imeachta céanna amhail is dá mba rud é gur éist sé an t-éileamh faoin Acht. Ar an gcaoi chéanna, cuirfidh an Binse san áireamh na costais a tabhaíodh agus réiteach á roghnú aige i gcás inar dhiúltaigh éilitheoir do thairiscint réitigh.

Rúndacht

I gcásanna nach nglacann an t-éilitheoir leis an tairiscint agus go gcuireann an Binse an cás ar aghaidh le haghaidh éisteacht iomlán, ní bheidh comhalta an Bhinse a raibh baint aige leis na comhaontuithe réitigh ina chomhalta de rannán an Bhinse a bheidh ag éisteacht an éilimh. Ní chuirfear an Binse ar an eolas go ndearna an t-éilitheoir iarratas ar réiteach nó gur dhiúltaigh sé do réiteach.

Ráthaítear rúndacht an cháis faoi Alt 8(2) den Acht mar seo a leanas:

"Aon doiciméid nó cáipéis a chuirfear faoi bhráid an Bhinse i leith éilimh i gcás réiteach a bheith á caibidil faoin alt seo, féadfaidh daoine a bhfuil baint acu leis an réiteach iad a fheiceáil agus ní nochtfaidh siad an fhaisnéis atá sna doiciméid ná sna cáipéisí sin d'aon duine seachas iad siúd lena mbaineann an réiteach."

Ciallaíonn sé seo nach gceadaítear do chomhalta an Bhinse a bhfuil baint aige le réiteach aon fhaisnéis (lena n-áirítear sonraí faoi aon tairiscint a rinneadh don éilitheoir) a thabhairt d'aon duine nach bhfuil bainteach leis an réiteach ná an cás a phlé le comhaltaí eile an Bhinse.

AGUISÍN IV

COSTAIS DLÍ A ÍOCADH IN 2023

Date	Tribunal Ref	Amount €	Payee
11/01/2023	4988/20	615.00	Ivor Fitzpatrick And Company
11/01/2023	4138/08	94,030.14 *	Ivor Fitzpatrick And Company
08/02/2023	4215/08	286,990.69	Ivor Fitzpatrick And Company
22/03/2023	4909/18	43,188.89	Catherine Murphy and Co Sols
22/03/2023	4910/18	35,038.17	Catherine Murphy and Co Sols
22/03/2023	1830/98-3113/04	51,364.22	Ivor Fitzpatrick And Company
22/03/2023	4513/12	67,349.39	Malcomson Law
12/04/2023	4213/08	112,620.44	Messrs Niall Corr Co Sols
19/04/2023	4990/21	5,904.00	Fiona Ryan Solicitors
19/04/2023	3035/04	9,590.90	Fiona Ryan Solicitors
19/04/2023	4996/21	5,904.00	Fiona Ryan Solicitors
19/04/2023	4992/21	6,703.50	Fiona Ryan Solicitors
19/04/2023	4994/21	5,904.00	Fiona Ryan Solicitors
19/04/2023	4991/21	6,334.50	Fiona Ryan Solicitors
31/05/2023	951/96	167,159.35	Ivor Fitzpatrick And Company
07/06/2023	1358/96	115,174.16	Arthur P McLean and Co
07/06/2023	4842/17	67,439.30	Arthur P McLean and Co
07/06/2023	2023/1/CT ref2181/01	9,538.35	Ivor Fitzpatrick And Company
21/06/2023	2486/03	66,368.50	Ivor Fitzpatrick And Company
28/06/2023	4995/21	7,809.50	Fiona Ryan Solicitors
28/06/2023	4704/14	88,196.25	Fiona Ryan Solicitors
19/07/2023	4515/12	288,340.23	Malcomson Law
19/07/2023	3850/05	101,829.61	Malcomson Law
19/07/2023	3528/05	66,738.97	Malcomson Law

19/07/2023	4704/14	650.00	Fiona Ryan Solicitors
09/08/2023	4947/19	23,412.61	Malcomson Law
09/08/2023	3497/05	120,295.13	Malcomson Law
09/08/2023	4974/19	23,412.61	Malcomson Law
06/09/2023	4848/17	196,872.14	Ivor Fitzpatrick And Company
25/10/2023	4993/32	8,118.00	Fiona Ryan Solicitors
25/10/2023	4235/09	96,153.50	Fiona Ryan Solicitors
15/11/2023	3206/05	335,000.00	Malcomson Law
15/11/2023	2736/04	48,494.00	Ivor Fitzpatrick And Company
Total Jan to Dec 2023		2,562,540.05	
Breakdown			
Total No.	Type	Amount	
31	Awards	2,468,509.91	
1	High Court Appeals	94,030.14	
32		2,562,540.05	

*Sheas an Ard-Chúirt le dámhachtain bhunaidh an Bhinse